



Imlitir 51/98

BUNBRAINSE

FÓGRA DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS DO PHRÍOMHOIDÍ

MEÁCAN Í MÁLAÍ SCOILE

Tá áthas ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta, An tUas Micheál Ó Máirtín, T.D., an [Tuarascáil den Ghrúpa Saothair ar Mheáchan í Málaí Scoile](#) a sheoladh chugat.

Ceann de na príomh moltaí sa Tuarascáil ná feachtas a bhunú a bheadh mar aidhm aige meabhraíocht níos mó a dhíriú ar an bhfadhb a bhaineann le málaí scoile a bheith ro-throm. Ina leith sin tá bileoga faoi iamh freisin ina bhfuil treorlíní d'oidí maille le póstaer chun meabhraíocht na ndaltaí a chothú.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh scoileanna eolach faoi chomh baolach is atá sé don tsláinte málaí scoile a bheith ró-throm agus go mba chóir gach iarracht a dhéanamh an t-ualach go bhfuil ar mhic léinn a iompar agus iad ag dul ar scoil agus ag teacht abhaile a laghdú chomh mór agus is féidir. Admhaíonn an Tuarascáil nach beag é an líon de ghnéithe a bhfuil tionchar acu ar an bhfadhb agus dá bhrí sin ní bhainfidh fuascailt na faidhbe leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maille le húdarás scoils amháin ach le tuismitheoirí, le foilsitheoirí leabhar oideachasúil freisin agus ar ndóigh leis na mic léinn féinig.

Déantar aire na n-údarás scoile a dhíriú, ach go háirithe, ar na gníomhaíochtaí atá molta dóibh an fhadhb a bhaineann le málaí scoile ró-throma a réiteach mar atá léirithe ar leathanaigh 4 agus 5 den Tuarascáil.

Tá sé de dhualgas ar udarás scoile, ó thaobh sláinte agus sábháilteachta dhe, an fhadhb seo a shainiú, más ann di, agus na céimeanna is dual don réiteach a thógáil.

Ba chóir fiosruithe faoin imlitir seo a sheoladh chuig

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Rannóg Riaracháin an Bhunbrainse 1
Baile Átha Luain
Co.na hIarmhí

Teil (01) 8734700 nó (0902) 74621 folínte 5152, 5153, 5159

Séan Ó Duinneacha
Ard-Rúnaí

Deireadh Fómhair 1998